Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Ghnóthaí Eachtracha

2025/2019(INI)

10.2.2025

DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar Thuarascálacha 2023 agus 2024 ón gCoimisiún maidir leis an gCosaiv
(2025/2019(INI))

An Coiste um Ghnóthaí Eachtracha

Rapóirtéir: Riho Terras

CLÁR

Leathanach

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 3

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 10

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR 11

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar Thuarascálacha 2023 agus 2024 ón gCoimisiún maidir leis an gCosaiv (2025/2019(INI))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don Chomhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus an Chosaiv, den pháirt eile[1], a tháinig i bhfeidhm an 1 Aibreán 2016,

– ag féachaint d'iarratas na Cosaive an 15 Nollaig 2022 ar bhallraíocht san Aontas Eorpach,

– ag féachaint d'iarratas na Cosaive an 12 Bealtaine 2022 ar bhallraíocht i gComhairle na hEorpa,

– ag féachaint don chreat-chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Chosaiv maidir leis na prionsabail ghinearálta le haghaidh rannpháirtíocht na Cosaive i gcláir an Aontais[2], atá i bhfeidhm ón 1 Lúnasa 2017,

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/1529 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Meán Fómhair 2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA III)[3],

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1449 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le Saoráid Athchóirithe agus Fáis le haghaidh na mBalcán Thiar a bhunú[4],

– ag féachaint do chonclúidí na hUachtaránachta ó chruinniú na Comhairle Eorpaí in Thessaloniki an 19 agus an 20 Meitheamh 2003,

– ag féachaint do na dearbhuithe ó Chruinnithe Mullaigh AE-na mBalcán Thiar an 13 Nollaig 2023 agus an 18 Nollaig 2024, a tionóladh araon sa Bhruiséil,

– ag féachaint do Phróiseas Bheirlín, a seoladh an 28 Lúnasa 2014,

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 5 Feabhra 2020 dar teideal *Enhancing the accession process – A credible EU perspective for the Western Balkans* [An próiseas aontachais a fheabhsú – Peirspictíocht inchreidte an Aontais do na Balcáin Thiar] (COM(2020)0057),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 6 Deireadh Fómhair 2020 dar teideal *An Economic and Investment Plan for the Western Balkans* [Plean Eacnamaíoch agus

[1] IO L 71, 16.3.2016, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2016/342/oj.
[2] IO L 195, 27.7.2017, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2017/1388/oj.
[3] IO L 330, 20.9.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1529/oj.
[4] IO L, 2024/1449, 24.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1449/oj.

Infheistíochta do na Balcáin Thiar] (COM(2020)0641),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 8 Samhain 2023 dar teideal ‘Teachtaireacht 2023 maidir le Beartas an Aontais um Méadú’ (COM(2023)0690) agus don doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin a ghabhann leis dar teideal *Kosovo 2023 Report* [Tuarascáil 2023 ar an gCosaiv] (SWD(2020)0692),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 8 Samhain 2023 dar teideal ‘Plean nua fáis do na Balcáin Thiar’ (COM(2023)0691),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 20 Márta 2024 maidir le hathchóirithe réamh-mhéadaithe agus athbhreithnithe beartais (COM(2024)0146),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 dar teideal ‘Teachtaireacht 2024 maidir le Beartas an Aontais Eorpaigh um Méadú’ (COM(2024)0690) agus don doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin a ghabhann leis dar teideal *Kosovo 2024 Report* [Tuarascáil 2024 ar an gCosaiv] (SWD(2020)0692),

– ag féachaint d’fhorléargas agus do mheasúnuithe tíre ón gCoimisiún an 31 Bealtaine 2023 agus an 13 Meitheamh 2024 ar chlár athchóirithe eacnamaíoch na Cosaive,

– ag féachaint do na conclúidí comhpháirteacha ón Idirphlé Eacnamaíoch agus Airgeadais idir an tAontas agus na Balcáin Thiar agus an Tuirc, a ghlac an Chomhairle an 16 Bealtaine 2023 agus do na conclúidí comhpháirteacha ón Idirphlé Eacnamaíoch agus Airgeadais idir an tAontas agus Comhpháirtithe na mBalcán Thiar, an Tuirc, an tSeoirsia, Poblacht na Moldóive agus an Úcráin, a ghlac an Chomhairle an 14 Bealtaine 2024,

– ag féachaint do Rún 1244 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe an 10 Meitheamh 1999, do thuairim chomhairleach an 22 Iúil 2010 ón gCúirt Bhreithiúnais Idirnáisiúnta (CBI) maidir le dearbhú neamhspleáchais aontaobhach i leith na Cosaive a bheith i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, agus do Rún 64/298 an 9 Meán Fómhair 2010 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, inar aithníodh inneachar thuairim CBI, agus inar cuireadh fáilte roimh thoilteanas an Aontais chun an t-idirphlé idir an tSeirbia agus an Chosaiv a éascú,

– ag féachaint don chéad chomhaontú ar phrionsabail lena rialaítear normalú an chaidrimh idir rialtas na Seirbia agus rialtas na Cosaive an 19 Aibreán 2013 agus do chomhaontuithe an 25 Lúnasa 2015, agus don idirphlé leanúnach arna éascú ag an Aontas chun an caidreamh a normalú,

– ag féachaint do Chomhaontú na Bruiséile an 27 Feabhra 2023 agus do Chomhaontú Ohrid an 18 Márta 2023 agus don iarscríbhinn cur chun feidhme a ghabhann leis,

– ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2023/1095 ón gComhairle an 5 Meitheamh 2023 lena leasaítear Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/124/CBES maidir le Misean Smachta Reachta an Aontais Eorpaigh sa Chosaiv (EULEX Kosovo)[5], lenar cuireadh

[5] IO L, 2024/22, 6.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/1095/oj.

síneadh le sainordú an mhisin go dtí an 14 Meitheamh 2025,

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2023/850 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Aibreán 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1806 lena liostaítear na tríú tíortha a mbeidh ar a náisiúnaigh víosaí a bheith ina seilbh acu ar thrasnú teorainneacha seachtracha dóibh agus lena liostaítear na tríú tíortha a mbeidh a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin (an Chosaiv)[6],

– ag féachaint don tuarascáil chríochnaitheach ó Mhisean Breathnóireachta AE um Thoghcháin maidir le toghcháin bhardasacha 2021 sa Chosaiv,

– ag féachaint don cheathrú cruinniú den Chomhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Chosaiv a tionóladh sa Bhruiséil an 7 Nollaig 2021,

– ag féachaint do na rúin uaithi roimhe seo maidir leis an gCosaiv,

– ag féachaint do na moltaí comhpháirteacha a glacadh ag an 12ú cruinniú den Choiste Parlaiminteach Cobhsaíochta agus Comhlachais idir an tAontas agus an Chosaiv, a tionóladh an 9 Nollaig 2024,

– ag féachaint d'Innéacs na Braistinte i dtaca le hÉilliú 2023 ó Transparency International,

– ag féachaint do Riail 55 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha (A10-0000/2025),

A. de bhrí go bhfuil an beartas um méadú ar cheann de na hionstraimí beartais eachtraigh is éifeachtaí de chuid an Aontais agus go bhfuil sé ar cheann de na beartais is rathúla chun athchóirithe bunúsacha a dhreasú agus a spreagadh;

B. de bhrí gurb iad an daonlathas agus an smacht reachta na luachanna bunúsacha ar a bhfuil an tAontas bunaithe;

C. de bhrí go ndéantar gach tír atá sa phróiseas méadaithe a mheas ar a fiúntas féin, agus de bhrí gur de réir chur chun feidhme na n-athchóirithe riachtanacha a chinntear tráthchlár agus dul chun cinn an aontachais;

D. de bhrí gurb é an tAontas an soláthraí tacaíochta airgeadais is mó atá ag an gCosaiv;

Tiomantas d'aontachas leis an Aontas Eorpach

1. ag moladh thiomantas na Cosaive d'aontachas leis an Aontas Eorpach, lena léirítear rogha shoiléir straitéiseach gheopholaitiúil, agus tacaíocht láidir a saoránach do chonair Eorpach na Cosaive;

2. á athdhearbhú go gcreideann sí go láidir gur san Aontas Eorpach atá todhchaí na Cosaive agus go bhfuil gach iarracht chun an Chosaiv a thabhairt amach as an 'limistéar

[6] IO L 110, 25.4.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/850/oj.

liath' chun leasa mhuintir na Cosaive agus an Aontais araon, go háirithe i gcomhthéacs na hiomaíochta atá ag dul i méid le réimis fhorlámhacha;

3. ag tacú le hiarratas na Cosaive ar bhallraíocht san Aontas Eorpach; á iarraidh ar na Ballstáit nach bhfuil neamhspleáchas na Cosaive aitheanta go fóill acu déanamh amhlaidh gan a thuilleadh moille;

4. á chur in iúl gur geal léi an léirscaoileadh víosaí, a comhaontaíodh i mí na Nollag 2022 agus atá i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2024, mar thoradh inláimhsithe ar chaidreamh níos dlúithe na Cosaive leis an Aontas;

5. ag cur sonrú sa dul chun cinn inbhraite i réimsí an cheartais, na saoirse agus na slándála, sa chomhraic i gcoinne na coireachta eagraithe agus i ngeilleagar margaidh feidhmiúil; á chur in iúl gurb oth léi go bhfuil an dul chun cinn i réimse an smachta reachta teoranta i gcónaí;

6. ag moladh ailíniú leanúnach na Cosaive le beartas eachtrach agus slándála an Aontais, go háirithe a cáineadh láidir ar chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus cur chun feidhme bhearta sriantacha an Aontais i gcoinne na Rúise agus na Bealarúise;

7. á iarraidh go gcuirfí deireadh láithreach le bearta an Aontais i gcoinne na Cosaive, ar bearta iad nach bhfuil bonn cirt leo a thuilleadh agus atá i gcontrárthacht leis an tiomantas atá léirithe ag an gCosaiv do luachanna Eorpacha agus don ailíniú le beartais an Aontais;

8. ag athdhearbhú a tacaíochta d'iarratas na Cosaive ar bhallraíocht i gComhairle na hEorpa agus do phlean na tíre a bheith páirteach i gclár Chomhpháirtíocht ECAT um Shíocháin;

An daonlathas agus an smacht reachta

9. á chur in iúl gur geal léi an dul chun cinn tábhachtach atá déanta maidir le haghaidh a thabhairt ar fhormhór mholtaí seanbhunaithe Mhisean Breathnóireachta AE um Thoghcháin (EU EOM) agus maidir le dlí comhthoiliúil a thíolacadh i dtaca le holltoghcháin; ag tabhairt dá haire go gcuireann sé sin bonn leormhaith ar fáil chun toghcháin dhaonlathacha a reáchtáil, i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta agus réigiúnacha; ag tabhairt dá haire, mar fhreagairt ar chuireadh ó Uachtarán na Cosaive, go bhfuil EU EOM imscartha ag an Aontas Eorpach, lena n-áirítear toscaireacht bhreathnóra d'Fheisirí de Pharlaimint na hEorpa, chun breathnóireacht a dhéanamh ar na toghcháin pharlaiminteacha sa Chosaiv an 9 Feabhra 2025;

10. á chur in iúl gur geal léi gur glacadh an dlí maidir leis an oifig ionchúisimh speisialta agus an dul chun cinn maidir le breithniú a dhéanamh ar chásanna éillithe, agus á chur i bhfios go láidir ag an am céanna go bhfuil tionchar fós ag srianta acmhainní agus easpa neamhchlaontachta ar thorthaí;

11. ag tabhairt dá haire, agus é ina chúis bhuartha di, go bhfuil rangú na Cosaive in Innéacs na Braistinte i dtaca le hÉilliú fós míshásúil; ag cur béim ar an bhfíoras nach amháin go bhfuil gá le hathchóirithe reachtacha chun muinín na ndaoine a fháil ach go bhfuil gá freisin le torthaí infheicthe maidir le cásanna éillithe a imscrúdú, a ionchúiseamh agus a

chiontú;

12. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di leochaileachtaí córasacha i mbreithiúnacht na Cosaive, go háirithe maidir le neamhspleáchas an chórais cheartais agus an urraim do scaradh na gcumhachtaí; á athdhearbhú gur cúis bhuartha di na moilleanna ar thrialacha agus an cáineadh ó oifigigh rialtais ar chinntí breithiúnacha i gcásanna aonair;

13. á chur in iúl gur geal léi rannpháirtíocht Sheirbiaigh na Cosaive sna toghcháin pharlaiminteacha agus ag spreagadh a n-ionadaithe tofa chun ról gníomhach a bheith acu laistigh de chreat reachtach na Cosaive, chun tacú le todhchaí rathúil na Cosaive;

14. ag tabhairt dá haire go bhfuil méadú seasta ag teacht ar dhíotálacha agus ar phianbhreitheanna coireachta eagraithe ach ag cur béim ar an ngá atá le seirbhísí ionchúisimh agus leis na póilíní a ngníomhaíocht chomhpháirteach i gcoinne grúpaí agus líonraí coiriúla a neartú; á chur in iúl gur cúis bhuartha di na dúshláin slándála i dtuaisceart na Cosaive, go háirithe i ndiaidh ionsaí Banjska/Banjskë i mí Mheán Fómhair 2023, lenar éilíodh acmhainní suntasacha póilíneachta;

15. ag athdhearbhú a gealltanais i leith a comhair le Tionól na Cosaive agus lena chomhaltaí a choinneáil ar bun agus a neartú chun tacú le próisis dhaonlathacha a bhaineann le conair Eorpach na Cosaive trí úsáid a bhaint as uirlisí agus tionscnaimh tacaíochta daonlathais Pharlaimint na hEorpa atá ann cheana; á chreidiúint gur féidir an chomhpháirtíocht sin a athbheochan agus a threisiú tuilleadh i ndiaidh na dtoghchán a reáchtáladh an 9 Feabhra 2025;

16. ag cáineadh na dteagmhas tromchúiseach slándála i dtuaisceart na Cosaive ag deireadh mhí na Samhna 2024, an gníomh is tromchúisí a tharla gar do shráidbhaile Vragë in Zubin Potok, áit a ndearna feistí pléascacha damáiste do phríomhchainéal chóras Ibër Lepenc; á chur in iúl go dtacaíonn sí le hinstitiúidí na Cosaive agus imscrúdú iomlán á dhéanamh acu ar na gníomhaíochtaí coiriúla sin ionas gur féidir déantóirí na gcoireanna sin a thabhairt os comhair na cúirte;

Saoirsí bunúsacha agus cearta an duine

17. ag tabhairt dá haire go bhfuil an leagan amach institiúideach is gá ag an gCosaiv chun cearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint; ag cur béim ar an bhfíoras, áfach, go bhfuil cosaint chearta an duine fós lag mar gheall ar acmhainní teoranta daonna agus airgeadais;

18. ag cur sonrú i dtimpeallacht iolraíoch meán na Cosaive agus á chur i bhfios go láidir go bhfuil ról ag Coimisiún Neamhspleách na Meán, ar gá a neamhspleáchas sa chinnteoireacht a áirithiú go docht; á iarraidh go mbeadh tuilleadh trédhearcachta ann maidir le húinéireacht na meán d'fhonn neamhspleáchas agus iolrachas sna meáin a fheabhsú;

19. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di an méadú suntasach atá tagtha ar ionsaithe i gcoinne iriseoirí agus cásanna dlí straitéiseacha i gcoinne rannpháirtíocht an phobail (cásanna SLAPP);

Athmhuintearas agus dea-chaidreamh comharsanachta

20. ag moladh rannpháirtíocht na Cosaive i roinnt tionscnamh um chomhar réigiúnach agus ag spreagadh dlús a chur lena hiarrachtaí athmhuintearais agus réitigh a lorg ar dhíospóidí roimhe seo;

21. á athdhearbhú go dtacaíonn sí go hiomlán leis an idirphlé arna éascú ag an Aontas agus á chur in iúl gur geal léi gur ceapadh Peter Sørensen mar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh don Idirphlé idir Béalgrád agus Pristine;

22. á athdhearbhú a thábhachtaí atá rannpháirtíocht chuiditheach ó údaráis na Cosaive agus na Seirbia araon chun comhaontú cuimsitheach normalaithe atá ceangailteach ó thaobh dlí a bhaint amach; á iarraidh ar an gCosaiv agus ar an tSeirbia araon gníomhaíochtaí aontaobhacha a sheachaint a d'fhéadfadh cur leis an teannas; á iarraidh go ndéanfaí na comhaontuithe ábhartha uile a chur chun feidhme ina n-iomláine, lena n-áirítear Comhlachas/Comhphobal na mBardas ina bhfuil Móramh Seirbiach a bhunú; á iarraidh ar na páirtithe caibidlíochta feidhmiú iomlán institiúidí uile na Cosaive a athbhunú;

23. ag dréim leis go gcomhoibreoidh an Chosaiv agus an tSeirbia go hiomlán agus go ndéanfaidh siad gach beart is gá chun déantóirí ionsaithe 2023 in Banjska a ghabháil agus a thabhairt os comhair na cúirte go mear; á chur in iúl gur saoth léi nach bhfuil na ciontóirí ionchúisithe fós ag an tSeirbia, go háirithe Milan Radoičić, Leas-Uachtarán Srpska Lista; á athdhearbhú nach mór déantóirí na n-ionsaithe sceimhlitheoireachta uafásacha sin a thabhairt chun cuntais agus a thabhairt os comhair na cúirte gan mhoill;

24. á iarraidh ar Leas-Uachtarán an Choimisiúin/Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ar an gCoimisiún ról níos réamhghníomhaí a ghlacadh maidir leis an bpróiseas idirphlé a stiúradh; á iarraidh go mbeadh ról feabhsaithe ag Parlaimint na hEorpa maidir leis an idirphlé a éascú;

25. ag cáineadh na ngníomhaíochtaí uile a chuireann an chobhsaíocht i mbaol agus a chuireann próiseas an athmhuintearais i mbaol, lena n-áirítear an teannas i dtuaisceart na Cosaive, ag cur béim ar an bhfíoras nach mór don dá thaobh na comhaontuithe uile ar thángthas orthu a chur chun feidhme go hiomlán agus gníomhaíochtaí aontaobhacha a d'fhéadfadh cur leis an teannas a sheachaint; á iarraidh ar phóilíní na Cosaive a áirithiú go gcloífidh siad go hiomlán le ceanglais uile an smachta reachta agus chearta an duine, agus déanamh deimhin de go n-imscarfar fórsa ionadaíoch eitneach, i gcomhréir go hiomlán le ceanglais dhlíthiúla, i dtuaisceart na Cosaive; á mheabhrú go bhfuil freagracht chomhroinnte ar gach duine sa Chosaiv as an tsíocháin agus an smacht reachta a chaomhnú;

Athchóirithe socheacnamaíocha

26. á chur in iúl gur geal léi rannpháirtíocht ghníomhach na Cosaive i gcur chun feidhme an phlean nua fáis do na Balcáin Thiar, arb é is aidhm dó athchóirithe a bhaineann leis an Aontas a dhoimhniú agus an bhearna shocheacnamaíoch idir Ballstáit an Aontais agus tíortha na mBalcán Thiar a laghdú;

27. á chur in iúl gur geal léi an dul chun cinn atá déanta ag an gCosaiv maidir le geilleagar margaidh feidhmiúil a fhorbairt agus ag spreagadh na Cosaive na hathchóirithe struchtúracha is gá a chur chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin fhioscacha;

28. ag tabhairt dá haire go bhfuil dul chun cinn teoranta déanta ag an gCosaiv maidir le claochlú digiteach na seirbhísí poiblí; ag cur béim ar an bhfíoras gur gá é a ailíniú le reachtaíocht dhigiteach an Aontais;

29. ag tathant ar Rialtas na Cosaive rochtain níos fearr ar sheirbhísí cúraim sláinte a áirithiú; ag tabhairt dá haire go bhfuil caiteachas ar chúram sláinte fós ar an dara caiteachas is ísle sa réigiún;

Fuinneamh, an comhshaol, forbairt inbhuanaithe agus nascacht

30. ag tabhairt dá haire go bhfuil roinnt dul chun cinn déanta ag an gCosaiv maidir le slándáil an tsoláthair fuinnimh ach go bhfuil sí fós ag brath go mór ar ghléasraí cumhachta an-truaillitheach atá as dáta, lena gcruthaítear rioscaí tromchúiseacha sláinte agus comhshaoil; ag tabhairt dá haire gur gá don Chosaiv a áirithiú go ndéanfar a clár fuinnimh do 2022-2025 a chur chun feidhme go héifeachtúil ó thaobh ama de chun a spriocanna uaillmhianacha a bhaint amach;

31. ag tathant ar an gCosaiv feabhas a chur ar chomhlíonadh na n-uasteorainneacha astaíochtaí, feabhas a chur ar chomhtháthú breithnithe comhshaoil i mbeartais earnála agus na bearta is gá a ghlacadh maidir le rialú ar thruailliú agus bainistiú dramhaíola, i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta;

°

° °

32. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig Uachtarán na Comhairle Eorpaí, chuig an gCoimisiún, chuig Leas-Uachtarán an Choimisiúin / Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus chuig Uachtarán, Rialtas agus Tionól Náisiúnta na Cosaive.

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Tá Parlaimint na hEorpa ag coinneáil súil ghéar ar fhorbairtí polaitiúla agus socheacnamaíocha sa Chosaiv, agus a tuarascáil á tíolacadh aici i ndiaidh thuarascáil an Choimisiúin Eorpaigh ar an dul chun cinn sa Chosaiv. I ndiaidh ghlacadh an tuarascála deireanaí in 2023, fillfidh Parlaimint na hEorpa ar thuarascálacha bliantúla mar ba nós léi, rud nárbh fhéidir a dhéanamh in 2024 de bharr na dtoghchán do Pharlaimint na hEorpa agus an Coimisiún nua a bheith á fhoirmiú.

Go hachomair, le linn 2023 agus 2024, tá dul chun cinn suntasach déanta ag an gCosaiv maidir le hathchóirithe toghcháin, athléimneacht eacnamaíoch, agus cosaint na gceart bunúsach. Mar sin féin, tá dúshláin fós ann maidir le hathchóiriú breithiúnach, saoirse na meán, éifeachtúlacht an riaracháin phoiblí, agus digitiú na seirbhísí poiblí. Tá tiomantas leanúnach d'athchóirithe cuimsitheacha agus do rialachas cuimsitheach ríthábhachtach chun go ndéanfaidh an Chosaiv dul chun cinn ar a conair lánpháirtíochta Eorpaí.

Is fadhbanna oidhreachta iad roinnt de dhúshláin na Cosaive, agus éilíonn réiteach na bhfadhbanna sin rannpháirtíocht an réigiúin ar fad i bpróiseas lánpháirtithe níos leithne an Aontais Eorpaigh. Ar an drochuair, níor tháinig na torthaí a raibh súil leo as idirphlé Pristina-Belgrade, a seoladh chun teacht ar chomhréiteach atá inghlactha ag na páirtithe. Is cinnte go gcaithfidh an Coimisiún Eorpach nua, chomh maith le Parlaimint na hEorpa agus na Ballstáit, gach a bhfuil ar a gcumas a dhéanamh chun a áirithiú go leanfaidh an t-idirphlé Pristine-Béalgrád ar aghaidh le fuinneamh athnuaite. Is díol mór sásaimh, dá bhrí sin, é ceapachán an Ionadaí Speisialta nua, Peter Sörensen.

Tá méadú an Aontais Eorpaigh ar cheann de na scéalta ratha is tábhachtaí dá bhfuil ag an Aontas agus ní mór leanúint leis. Is é sprioc gheopholaitiúil níos leithne an mhéadaithe na limistéir liatha, mar a thugtar orthu, a bhaint de léarscáil na hEorpa. Ní mór do na hathruithe suntasacha a tharla i gcomhthéacs chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine méadú a dhéanamh ar ullmhacht an Aontais Eorpaigh aghaidh a thabhairt ar ghníomhaithe forlámhacha domhanda iomaíocha. Tá sé léirithe ag an Rúis agus ag an tSín araon go bhfuil leasanna an-soiléir acu sna Balcáin Thiar.

Leis an tuarascáil seo, is mian leis an rapóirtéir forléargas agus measúnú Pharlaimint na hEorpa a chur ar fáil ar na héachtaí agus na dúshláin is tábhachtaí atá os comhair na Cosaive inniu agus go luath amach anseo. Is cinnte nach féidir na réimsí fadhbanna agus na dúshláin go léir a chumhdach sa tuarascáil seo. Ceann de na réamhriachtanais thábhachtacha chun an tuarascáil seo a ullmhú ba ea an deis cuairt a thabhairt ar an gCosaiv le linn misean aimsithe fíoras agus bualadh le hoifigigh rialtais, ceannairí freasúra agus ionadaithe na sochaí sibhialta. Bhí malartuithe an-úsáideacha le hionadaithe ó institiúidí éagsúla de chuid an Aontais Eorpaigh agus ó eagraíochtaí idirnáisiúnta i gceist le hullmhú na tuarascála seo, agus tá an rapóirtéir an-bhuíoch díobh.

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

I gcomhréir le hAirteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an rapóirtéir go bhfuair sé ionchur ó na heintitis nó na daoine seo a leanas le linn ullmhú na dréacht-tuarascála, go dtí go nglacfar sa choiste í:

Eintiteas agus/nó duine
European External Action Service (EEAS)

Déantar an liosta thuas a tharraingt suas faoi fhreagracht eisiach an rapóirtéara/na rapóirtéirí.